Fís um Fholláine Phobail don Ghlúin seo do na Glúnta atá le Teacht de chuid Líona Rannpháirtíochta Pobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Is sochaí shábháilte agus fhulangach í ár sochaí ina bhfuil an cuimsiú mar ghnáthrud, ina gcothaítear gach duine aonair, agus ina dtugtar na deiseanna agus na tacaíochtaí dóibh atá ag teastáil chun barr a gcumais a bhaint amach.

Sa phobal oscailte, uileghabhálach seo, bíonn meas ag daoine ar chultúir éagsúla a bhall, baineann siad taitneamh as na cultúir sin agus déanann siad iad a cheiliúradh, agus tábhacht á ceangal lena thraidisiúin agus oidhreacht agus leis an nGaeilge. Is pobal é ina gciallaíonn comhluach measa gur féidir taitneamh a bhaint as áiteanna, réadmhaoin agus spásanna poiblí le chéile. Pobal ina dtacaítear le cruthaitheacht agus cultúr agus ina gcothaítear na rudaí sin.

Is pobal é pobal Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhfuil cur chuige iomlánaíoch i leith sláinte agus folláine aige, mar aon le timpeallacht dhearfach ina gcothaítear gach duine, áit a bhfuil an comhionannas deiseanna agus an cuimsiú mar ghnáthrudaí. Sa phobal seo tugtar tús áite do riachtanais a chuid ball agus cuirtear acmhainní ar fáil dóibh ina n-iomláine. Déantar é sin chun a chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann agus thráthúil ag gach duine ar chúram cuí leighis agus otharlárnaithe. Beidh na tacaíochtaí go léir a theastaíonn ó theaghlaigh agus ó chúramóirí, idir óg agus aosta, ar fáil go réidh sa phobal agus beidh sé éasca rochtain a fháil orthu.

Tabharfar tacaíocht do dhaoine óga san oideachas agus dáilfear acmhainní go cothrom chun a chinntiú go mbeidh comhionannas deiseanna ag gach duine sa phobal rath a bheith orthu ó thaobh na heacnamaíochta de. Beidh tacaíochtaí ar fáil do ghnó ó thaobh airgeadais agus oiliúna de chun cabhrú le gnólachtaí áitiúla tacú le daoine fostaíocht a fháil a bhféadfadh cúnamh breise a bheith ag teastáil uathu.

Beidh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ina múnla nuálach de 'cathair 15 nóiméad'. Áit inacmhainne agus thaitneamhach le cónaí agus obair agus ina dtacaítear le gach duine chun cónaí sa cheantar. Acmhainní agus áiseanna mar leathanbhanda agus seirbhísí chun obair bhaile/chumaisc a éascú a bheith ar fáil.

Beidh córas iompair iontaofa ar fáil ann a nascann daoine a chónaíonn sa cheantar le háiseanna áitiúla mar ospidéil agus scoileanna agus le seirbhís tointeála a nascann bailte agus sráidbhailte áitiúla. Beidh an t-iompar inrochtana agus sábháilte agus soláthróidh sé rochtain éasca ar an gcontae ar fad, ní hamháin lár na cathrach.

Beidh an pobal seo mar phobal ina bhfuil tithíocht inacmhainne, oiriúnach ar fáil do mhuintir na háite, inar féidir le daoine óga áiteanna inacmhainne a fháil ar cíos nó a cheannach, áit *nach bhfuil aon ghéarchéim tithíochta inti*. *Tá spásanna pobail ann amhail gairdíní, ionaid phobail agus spóirt, inar féidir leis an bpobal teacht le chéile chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, chun sóisialú agus chun foghlaim, áit inar féidir teacht ar eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil go héasca. Ceantar ina bhfuil* an phleanáil chiallmhar i réim d'fhonn ár bpobail a chaomhnú.

Freagraíonn Dún Laoghaire-Ráth an Dúin do dhúshlán an Athraithe Aeráide trínár dtimpeallachtaí nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint do na glúnta atá le teacht, trína bheith bródúil as ár n-acmhainní nádúrtha agus trína chinntiú go dtugtar aire mhaith dóibh. Beidh béim ar an mbithéagsúlacht, beidh an timpeallacht glan agus saor ó bhruscar. Cuirfimid an pobal ar an eolas faoi mhaireachtáil inbhuanaithe agus déanfaimid iarrachtaí ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú trí iompar inbhuanaithe agus gníomhach a úsáid.

Beidh múnla cuimsitheach daonlathais i bhfeidhm i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin-ina mbeidh béim ar cheannaireacht an phobail, áit a spreagfar níos mó ban agus daoine óga le páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil. Áit ina mothaíonn saoránaigh de gach aois, idir óg agus aosta, go bhfuil sé ar a gcumas páirt a ghlacadh inti. Tá Líona Rannpháirtíochta Pobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin fós mar nasc idir an tÚdarás Áitiúil agus an pobal.

Is contae é Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ina bhfuil éisteacht an-tábhachtach; téann a Chomhairle Chontae i gcomhairle leis an bpobal, éisteann sí le daoine den phobal agus cuireann sí ar an eolas go hiomlán iad faoina pleananna, agus bíonn sí i gcónaí ag lorg tuairimí agus dearcthaí an phobail ar an iomlán.